

Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Ghaeilge

Oifigeach na Gaeilge agus Coiste na Gaeilge

Tá Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge i ngach réimse de shaol na hOllscoile. Léirítear an tiomantas seo trí obair Choiste na Gaeilge, fochoiste de Bhord na hOllscoile, agus trí fhostú Oifigeach Gaeilge lánaimseartha. Oibríonn an tOifigeach Gaeilge i gcomhar leis an gCumann Gaelach, le hAontas na Mac Léinn agus le Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha chun a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na Scéimeanna Teanga

Leagann [Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003](#) dualgais ar leith ar an Ollscoil lena n-áirítear dualgais maidir le comharthaíocht, stáiseanáireacht, foilseacháin áirithe, fógraí taifeadta béil, srl. Ina theannta sin, tá gealltanais tugtha ag an Ollscoil sna trí Scéimeanna Teanga atá foilsithe go dtí seo go gcuirfear lena réimse seirbhísí dátheangacha trí ghníomhaíochtaí éagsúla.

Scéimeanna Cónaithe

Tá dhá scéim cónaithe Gaeilge san Ollscoil trína gcuirtear cóiríocht ar fáil do mhic léinn. Tá scéim amháin lonnaithe ar an gcampas agus an ceann eile (do mhic léinn na chéad bhliana agus na dara bliana amháin) i Halla na Tríonóide, Dartraí, Baile Átha Cliath 6. Cuireann baill na scéimeanna cónaithe an Ghaeilge chun cinn san Ollscoil trí fheachtais agus imeachtaí éagsúla a réachtáil i rith na bliana.

Ranganna Gaeilge

Cuireann Coláiste na Tríonóide ranganna Gaeilge saor in aisce ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn araon le linn na bliana acadúla. Fógraítear na ranganna seo ag tús an tearma acadúil. Tacaítear chomh maith le baill foirne agus le mic léinn tabhairt faoi scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge).

Éigse na Tríonóide agus Imeachtaí Gaeilge

Buaicphointe na bliana is ea Éigse na Tríonóide; féile seachtaine ina gcuirtear go leor ócáidí cultúrtha agus sóisialta ar siúl do phobal na hOllscoile lena n-áirítear ceolchoirmeacha, díospóireachtaí, aoichainteoirí, srl. Eagraítear feachtais agus imeachtaí Gaelacha eile i gcaitheamh na bliana chomh maith.

Teagmháil

Oifigeach na Gaeilge: (01) 8963652, gaeloifig@tcd.ie

Eolas: www.tcd.ie/gaeloifig

Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha: (01) 8961450, nibhraoc@tcd.ie

An Cumann Gaelach: reachtaire@cumann.ie agus www.cumann.ie

Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn: gaeilge@tcdsu.org